uisce

Leacht is ea uisce a chlúdaíonn cuid mhór de dhromchla an domhain. Titeann sé ón spéir ina bháisteach, ina chlocha sneachta agus ina shneachta agus déanann sé aibhneacha, lochanna agus farraigí.

Timthriall an Uisce



Tá uisce chomh riachtanach le haer le haghaidh na beatha. Ní mhaireadh aon chréatúr beo gan uisce glan.

Foirmeacha Uisce

Bíonn uisce le fáil i dtrí fhoirm sa ghnáthshaol: ina oighear, ina uisce agus ina ghal uisce.



Truailliú Uisce

Truaillítear uisce nuair a scaoiltear ceimiceáin, ola nó dramhaíl isteach sna haibhneacha agus sna haigéin. Nuair a bhíonn tríomach ann ba chóir do dhaoine a bheith spárálach ar uisce.

Íonú (glanadh) agus Dáileadh Uisce



Substaintí a Mheascadh le hUisce

Intuaslagtha

Níl criostail salainn ar bith fágtha tar éis an leacht a chorraí. Dá bhrí sin, tá salann intuaslagtha in uisce.



Dothuaslagtha

Fiú tar éis an-tamaill á chorraí tá na gráinní grianchloiche fós i dtóin na gloine. Dá bhrí sin, tá na gráinní sin dothuaslagtha in uisce.



Tuaslagáin Neamhshláithithe

Bíonn tuaslagáin neamhshláithithe nuair is féidir a thuilleadh fós den tuaslagóir a thuasluagadh ann.

Tuaslagáin Shláithithe

Bíonn tuaslagáin sláithithe nuair nach féidir a thuilleadh den tuaslagóir a thuasluagadh ann.

© An Gúm